# Cluichí Teanga Leibhéal 2 – Nótaí Múinteora

## *Intreoir*

Seo an dara tacar de chluichí atá deartha leis an teanga ó bhéal a fhorbairt agus a dhaingniú i bpáistí sna chéad bhlianta ar scoil. Is féidir na cluichí seo a imirt sna luathbhlianta, ach an múinteoir nó an cúntóir a bheith ag tacú leis na páistí. Agus na rialacha agus na spriocanna teanga ar eolas acu, beidh na páistí ábalta imirt go neamhspleách.

Is féidir na cluichí a úsáid le ranganna níos airde le dul siar ar phointe teanga agus le páistí a chur a imirt go neamhspleách, ar mhaithe le hathchleachtadh agus le teanga ó bhéal a dhaingniú.

1. ***Ar mhaith leat picnic?*** *Ar mhaith leat? Ba mhaith/Níor mhaith liom…*
2. ***An bhfuil tú ag baint?*** *Tá sé/sí/siad ag…*
3. ***An bhfaca tú mo Shéamaisín?*** '*mo*' le nó gan séimhiú
4. ***Cé hé sin agus cé hí seo?*** *Is … é/í*
5. ***Cé leis é?*** *Is le … an …*
6. ***Cad é atá air? Cad é atá uirthi?*** *Tá … air/uirthi*
7. ***Stad an Bhus*** Tá … orm/air/uirthi
8. ***Cuairteoirí Tí*** *Tá … ag an, ar an, sa, faoin srl.*
9. ***Meaitseáil na hIolraí*** Iolraí a mheaitseáil le huatha
10. ***Nach iontach mé?*** *Thig liom/Ní thig liom … nó*
    *Is féidir liom/Ní féidir liom … a dhéanamh.*

An chéad chúpla uair a imrítear na cluichí, bíonn duine fásta de dhíth leis na spriocanna foghlama teanga agus na rialacha a eiseamláiriú. Tá foclóir a bhaineann le gach cluiche le fáil ar nodchárta, de réir mar is cuí.

Le súgradh, ba cheart go mbeadh na focail agus na frásaí ag na páistí gan stró. Is bealach é seo le páistí a chur a chaint agus a úsáid frásaí áirithe ó bhéal. Imreoidh sé sin tionchar ar labhairt na bpáistí go ginearálta, agus ar shealbhú Gaeilge chruinn, rud a éascóidh Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht.

Tá an foclóir agus na frásaí sna cluichí seo ag teacht leis an fhoclóir agus na frásaí atá sa chlár luathléitheoireachta, ***Cleite***. Agus na focail agus na frásaí ar eolas ó bhéal roimh thosú, beidh sé sin ina chuidiú ag páistí dul i ngleic leis an Léitheoireacht. Moltar na cluichí a imirt arís is arís eile leis na frásaí a dhaingniú.

## 1. Ar mhaith leat picnic? – Nodchárta

### *Cluiche beirte*


**Sprioc foghlama teanga:** *Ar mhaith leat…? Ba mhaith liom… Níor mhaith liom…*


**Sa phacáiste:**
clár imeartha
cártaí
an nodchárta seo

**De dhíth:**
Dísle 1-3
Licíní
6 chárta an duine
2 chárta imreora

**Treoracha:**

- Cleacht foclóir an chluiche roimh ré. (Nodchárta)
- Ar do sheal, roll an dísle agus bog an oiread sin spásanna.
- Má stopann tú ar bhia, deir an t-imreoir eile: 'Ar mhaith leat…' agus an bia atá ann.
- Má tá an cárta sin agat, abair: 'Ba mhaith liom…' agus an bia. Tóg licín.
- Mura bhfuil an bia sin agat, abair: 'Níor mhaith liom…' agus an bia. Ná tóg licín.
- Má stopann tú ar sheangán dearg, cailleann tú licín.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó licíní nuair a bhaineann gach duine *Críoch* amach.




Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 2. An bhfuil tú ag baint? – Nodchárta

*Cluiche beirte (nó 2 fhoireann d'imreoirí)*

**Sprioc foghlama teanga:** *Tá sé/sí/siad ag …*

**Sa phacáiste:** clár imeartha
an nodchárta seo

**De dhíth:** Licíní daite, dath difriúil do gach imreoir

**Treoracha:**
- Cleacht foclóir an chluiche roimh ré. (Nodchárta)
- Ar do sheal, cuir do licín i do rogha áit agus abair: 'Tá sé/sí/siad* ag… ' agus an ghníomhaíocht atá i gceist. Má tá an ceart agat, fág an licín san áit sin. Mura bhfuil an ceart agat, tóg do licín arís.
- An chéad duine le líne iomlán a dhéanamh (ó chlé go deas nó ó bhun go barr), gan chur isteach, sin an buaiteoir!

**Tá sé de rogha ag an imreoir féin a dhéanamh amach cé acu is **sé** nó **sí** atá i gceist ach caillfidh an t-imreoir seal mura mbíonn an t-iolra i gceart aige nó aici.*







Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
© An tÁisaonad, 2019

Ba mhian linn go mbeadh teanga nádúrtha chun cinn sna cluichí seo, rud a thabharfadh saoirse don mhúinteoir leaganacha sainiúla óna c(h)anúint áitiúil féin a eiseamláiriú agus a atreisiú. Ba mhian linn chomh maith go bhfaigheadh na páistí taithí ar an dóigh a n-oibríonn an Ghaeilge, gan castachtaí a sheachaint, ach gan barraíocht béime a dhíriú orthu san am céanna.

Is forbairt iad na cluichí seo ar *Leibhéal 1* de na cluichí teanga nó tá focail ann i Leibhéal 2 a shéimhítear agus nach séimhítear, le go gcluinfidh páistí samplaí fíora ón ghnáthchaint s'acu. Má tá na nósanna seo á ndaingniú ón tús, cuideoidh sé sin leis na páistí teacht isteach ar rialacha na Gaeilge níos faide ar aghaidh.

Níl le déanamh ach frásaí canúna a athrú ó bhéal leis an chluiche a dhéanamh fóirsteanach do chanúintí éagsúla, m.sh. *Thig liom …* go *Is féidir liom …*.

In amanna, sna cluichí, moltar Dísle 1 go 3 nó 1 go 6. Athraíonn na huimhreacha ar an dísle luas an chluiche. Is féidir na cártaí breise a úsáid le teanga an chluiche a chleachtadh roimh imirt. Tá cóipeanna breise de na cártaí ar fáil le híoslódáil ónár suíomh, ***www.aisaonad.org***.



Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 3. An bhfaca tú mo Shéamaisín? – Nodchárta

### *Cluiche beirte*

**Sprioc foghlama teanga**: *Mo*, le nó gan séimhiú

**Sa phacáiste:** clár imeartha
an nodchárta seo
cártaí treo

**De dhíth:** Dísle 1-6 nó 1-3
Licín an duine

Treoracha:
- Cleacht foclóir an chluiche roimh ré. (Nodchárta)
- Ar do sheal, caith an dísle agus bog an oiread sin spásanna.
- Má stopann tú ar rud, abair: 'An bhfaca tú mo…' agus an rud. Má fhágann tú séimhiú ar lár nó má deir tú séimhiú nuair nach bhfuil ceann ann, gabh ar ais chuig an áit a raibh tú!
- Má stopann tú ar réalta, tóg cárta. Bog siar nó chun tosaigh an oiread spásanna atá léirithe ar an chárta.
- Is é an chéad duine le ***Críoch*** a bhaint amach an buaiteoir.






| | |
|---|---|
| mo chamán | mo chat |
| mo rothar | mo theach |
| mo leabhar | mo chlogad |
| mo luchóg | mo bhosca |
| mo thábla | mo mhadadh / mo mhadra |
| mo scairf | mo bhosca lóin |
| mo hata | mo mhála scoile |
| mo stocaí | mo bhríste |
| mo gheansaí | mo lacha |

Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 5. Cé leis é? – Nodchárta


### *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc foghlama teanga**: *Cé leis é? Is nó Ní le … an …*

**Sa phacáiste:** clár imeartha
cártaí
an nodchárta seo

**De dhíth:** dísle 1-3
licín an duine

Treoracha:
- Cleacht foclóir agus sprioc foghlama teanga an chluiche roimh ré. (Nodchárta)
- Spréigh na cártaí amach ar an tábla, béal fúthu.
- Ar do sheal, caith an dísle agus bog an oiread sin spásanna.
- Nuair a stopann tú ar ainmhí, tóg do rogha cárta. Más leis an ainmhí sin an rud, abair '*Is le … an … seo.*' agus coinnigh an cárta. Más rud é nach leis an ainmhí é, abair, '*Ní le … an … seo,*' agus cuir an cárta ar ais san áit chéanna.
- Is é an duine leis an líon is mó cártaí ag an deireadh an buaiteoir.







| | |
|---|---|
| Is le rón an t-iasc. | Is le luchóg an cháis. |
| Is le cat an bainne. | Is le hiasc an babhla. |
| Is le moncaí an banana. | Is le cearc an ubh. |
| Is le coinín an meacan dearg. | Is le héan an nead. |
| Is le hiora rua an cnó. | Is le béar an mhil. |
| Is le nathair an poll. | Is le séabra an féar. |

Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 4. Poist – Nodchárta

### *Cluiche beirte*

**Sprioc foghlama teanga:** *Is … é/í.*

**Sa phacáiste:** clár imeartha
an nodchárta seo

**De dhíth:** Dísle 1-3
Licíní daite

**Treoracha:**

- Cleacht foclóir agus sprioc foghlama teanga an chluiche roimh ré. (Nodchárta)
- Ar do sheal, caith an dísle agus bog an oiread sin spásanna.
- Má stopann tú ar charachtar, abair: '*Is … é/í*'. Má tá an ceart agat agus má úsáideann tú an **é** nó an **í** mar is ceart, fan san áit a bhfuil tú. Mura bhfuil an ceart agat, gabh ar ais chuig an áit a raibh tú.
- Má stopann tú ar spás ar a bhfuil lámh, caill seal.
- An chéad duine le ***Críoch*** a bhaint amach, sin an buaiteoir.







Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 6. Cad é atá air? Cad é atá uirthi? – Nodchárta

### *Cluiche beirte*

**Sprioc foghlama teanga:** *Tá [mothúchán] air/uirthi*


**Sa phacáiste:** clár imeartha
cártaí
an nodchárta seo


**De dhíth:** dísle 1-3
licíní daite, dath difriúil do gach imreoir

**Treoracha:**

- Cleacht foclóir agus sprioc foghlama teanga an chluiche roimh ré. (Nodchárta)
- Cuir na cártaí béal fúthu i gcarnán sa lár.
- Ar do sheal, caith an dísle agus bog an oiread sin spásanna.
- Tóg cárta mothúcháin.
- Abair an frása agus úsáid an leagan ceart de *air* nó *uirthi*. Má tá an ceart agat, fan san áit a bhfuil tú. Mura bhfuil an ceart agat, bog siar go dtí an áit a raibh tú.
- Bíonn an bua ag an chéad duine leis an deireadh a bhaint amach.

*Leibhéal simplí* – cuir na cártaí ar a bhfuil *cailín* (gorm) in 1 mholl amháin agus na cártaí ar a bhfuil *buachaill* (dearg) i moll eile.




Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 7. An Stad Bus – Nodchárta

### *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc foghlama teanga**: *Tá … orm, air nó uirthi*
*Ainmfhocal agus aidiacht a úsáid*

**Sa phacáiste:** clár imeartha
cártaí
an nodchárta seo

**De dhíth:** licíní daite, dath difriúil do gach imreoir
cártaí

**Treoracha**:
- Cleacht foclóir agus sprioc foghlama teanga an chluiche roimh ré. (Nodchárta agus clár imeartha)
- Cuir na cártaí béal fúthu i gcarnán sa lár.
- Ar do sheal, tóg cárta agus abair frása cuí.
- Abair, m.sh. 'Tá gúna dearg ar Shorcha'.
- Má tá níos mó ná carachtar amháin ann a fhreagraíonn do do chárta, cuir licíní orthu ar fad. Abair na habairtí ar fad agus coinnigh an cárta a thóg tú.
- Má thógann tú cárta le heolas nach bhfuil ann, caill seal.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó licíní agus na cártaí uilig ráite.







Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 9. Meaitseáil na hiolraí – Nodchárta

### *Cluiche beirte*

**Sprioc foghlama teanga**: Leagan uatha agus leagan iolra de rudaí a chleachtadh ó bhéal agus a mheaitseáil

**Sa phacáiste:** clár imeartha
cártaí
an nodchárta seo

**De dhíth:** licíní daite, dath difriúil do gach imreoir

**Treoracha**:
- Cleacht foclóir agus sprioc foghlama teanga an chluiche roimh ré. (Nodchárta agus clár imeartha)
- Spréigh amach na cártaí ar an tábla, béal fúthu.
- Ar do sheal, cuir licín ar do rogha rud ar an chlár, mura bhfuil sé clúdaithe cheana.
- Abair an rud atá ann. Ansin, tóg cárta agus abair an rud atá ar an chárta.
- Má tá an t-iolra ar an chárta ag teacht leis an rud a roghnaigh tú, tá cead agat do licín a fhágáil ar an chlár agus an cárta a choinneáil. Mura bhfuil, cuir an cárta ar ais, béal faoi, san áit chéanna agus tóg do licín.
- Is é an duine leis an líon is mó licíní ar an chlár ag deireadh an chluiche, an buaiteoir.
- Is féidir, ar ndóigh, leaganacha canúnacha de na hiolraí a úsáid.







Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2019

## 8. Cuairteoirí tí – Nodchárta

*Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc foghlama teanga:** *Tá … ag an, ar an, sa, faoin, srl.*

**Sa phacáiste:**
clár imeartha
cártaí
an nodchárta seo


**De dhíth:**
licíní daite, dath difriúil do gach imreoir
cártaí
dísle 1-6

**Treoracha:**
- Cleacht foclóir agus sprioc foghlama teanga an chluiche roimh ré. (Nodchárta agus clár imeartha)
- Cuir na cártaí béal fúthu i gcarnán sa lár.
- Ar do sheal, caith an dísle. Má fhaigheann tú ré-uimhir, ní bhíonn seal agat. Má fhaigheann tú corruimhir, tóg cárta agus abair cén áit a bhfuil an créatúr. Má tá an ceart agat, fág do licín ar an chréatúr bheag chuí agus coinnigh an cárta. Mura bhfuil an ceart agat, cuir an cárta ar ais isteach sa charnán.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó cártaí ag deireadh an chluiche.

*Leibhéal simplí* – cuir cártaí ar a bhfuil na damháin alla in 1 mholl agus na cártaí ar a bhfuil na ciaróga i moll eile.

*Leibhéal deacair* – cuir na cártaí in 1 mholl. Abair ***sé*** in ionad 'damhán alla' agus **sí** in ionad 'ciaróg' san abairt.






Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
© An tÁisaonad, 2019

## 10. Nach iontach mé? – Nodchárta

*Cluiche do 2-4 imreoirí*

**Sprioc foghlama teanga:** *Thig liom / Ní thig liom … a dhéanamh*
*Is féidir liom / Ní féidir liom … a dhéanamh*

**Sa phacáiste:**
4 chlár biongó
cártaí
an nodchárta seo

**De dhíth:**
Clár biongó an duine
Cártaí

**Treoracha:**
- Cleacht foclóir agus sprioc foghlama teanga an chluiche roimh ré. (Nodchárta agus cláir bhiongó)
- Cuir na cártaí i gcarnán, béal fúthu ar an tábla.
- Ar do sheal, tóg cárta.
- Má tá an ghníomhaíocht sin ar do chlár biongó, abair 'Thig/Is féidir liom … agus an rud atá ar an chárta, mar shampla, *m'ainm a scríobh*. Cuir an cárta san áit chuí ar do chlár biongó.
- Mura bhfuil, abair 'Ní thig/féidir liom (an rud sin) a dhéanamh' agus cuir an cárta ar ais ag bun an charnáin.

Tá cláir ghlana bhiongó ar fáil ag www.aisaonad.org mar aon le cóipeanna eile de na híomhánna le go dtig leat do chuid clár féin a dhéanamh.






Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
© An tÁisaonad, 2019